FOLÚNTAIS DO MHÍ MHEÁN FÓMHAIR 2017
Gaelcholáiste Dhoire
Caisleán Dhún Geimhin, Dún Geimhin, Co Dhoire

Is meánscoil lán-Ghaeilge nuabhunaithe é Gaelcholáiste Dhoire atá ar tí an tríú hiontógáil daltaí a ghlacadh isteach i Meán Fómhair 2017. Tá ceathrar múinteoirí agus cúntóir ranga á lorg ag Gaelcholáiste Dhoire le bheith mar chuid d'fhoireann dhíograiseach, dhinimiciúil agus spreagúil.

1. Ceathrar Múinteoirí (Lánaimseartha)

Ceapacháin bliana, le féidearthacht go ndéanfaí buan iad, sna hábhair seo a leanas:
Béarla, Ceol, Corpoideachas, Drámaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Ealaín, Eolaíocht, Foghlaim don tSaol agus don Obair, Matamaitic, Reiligiún, Teicneolaíocht, TFC agus Tíreolaíocht.

Critéir riachtanacha:

- Cáilithe mar mhúinteoir agus cláraithe le Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart na hÉireann (GTCNI) faoin am a dtosófaí sa phost
- Ardchaighdeán Gaeilge labhartha agus scríofa
- In ann, trí cháilíocht nó trí thaithí chuí, dhá ábhar ar a laghad ón liosta thuas a theagasc ag Eochairchéim 3

Critéir inmhianaithe:

- Ábhar amháin ar a laghad ón liosta thuas a theagasc go EC4
- Taithí ag teagasc i scoil tumoideachais
- Taithí ag déanamh soláthair do shainriachtanais oideachais
- In ann cur le himeachtaí seach-churaclaim na scoile

D'fháilteodh Gaelcholáiste Dhoire roimh iarratais phostroinnte/pháirtaimseartha do na poist mhúinteoireachta thuas fosta.

2. Cúntóir Ranga (Lánaimseartha)

Ceapachán bliana le féidearthacht go ndéanfaí buan é.

Critéir riachtanacha:

- Ardchaighdeán Gaeilge labhartha agus scríofa
- Ardscileanna cumarsáide i nGaeilge agus i mBéarla araon

Critéir inmhianaithe:

- D'fhéadfaí tosaíocht a thabhairt d'iarrthóirí atá ábalta tacú le forbairt na litearthachta agus/nó na huimhearthachta
- In ann cur le himeachtaí curaclaim agus/nó seach-churaclaim na scoile
- Taithí ar bheith ag obair le daoine óga i suíomh lán-Ghaeilge

Déanfar measúnú ar chumas Gaeilge scríofa agus labhartha an iarrthóra le linn an phróisis earcaíochta.
Beidh sé de cheart ag an phaineál ceapacháin na critéir inmhianaithe a chur i bhfeidhm nó iad a bhreisiú chun an gearrliostú a éascú.
Tá poist a bhaineann le hobair in institiúidí oideachasúla faoi réir fhorálacha an Ordaithe um Chosaint Páistí agus Daoine Fásta Leochaileacha (TÉ) 2007.

Is féidir foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hoifig na scoile: info@gcd.doire.ni.sch.uk nó 028 777 41015

Dáta deiridh le haghaidh iarratais: 14:00 Déardaoin 27 Aibreán 2017
NÍ GHLACFAR LE hIARRATAIS MHALLA